Príomhréimsí Roghnaithe Caiteachais don bhliain 2024

Leagtar amach thíos achoimre ar rogha de na príomhréimsí caiteachais.

Infheistíocht i dTacaíochtaí Caiteachais Reatha ó lá go lá

Coimirce Shóisialach

D'fhonn cúnamh a thabhairt do na daoine is leochailí sa tsochaí, cuirfidh an Rialtas leithdháileadh €25.2 billiún i mbunchaiteachas reatha ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí. Áirítear sa leithdháileadh seo ardú breis is €1.4 billiún chun réimse de bhearta buiséid a chur ar fáil lena n-áirítear:

- Ardú €12 in aghaidh na seachtaine ar na rátaí seachtainiúla íocaíochta do gach faighteoir in aois oibre agus ar íocaíochtaí pinsin, chomh maith le harduithe comhréireacha do dhaoine fásta incháilithe agus do dhaoine atá ar rátaí níos ísle íocaíochta;
- Ardú €4 in aghaidh na seachtaine ar an ráta seachtainiúil i ndáil le leanaí cáilithe;
- Síneadh le cur leis an Sochar Tuismitheora ó 7 seachtaine go 9 seachtaine;
- Síneadh le cur leis an Sochar Linbh maidir le leanaí atá in aois 18 mbliana agus in oideachas lánaimseartha; agus
- Ardú ar an neamhaird ioncaim don Liúntas Cúramóra go dtí €450 do dhuine singil agus go dtí €900 do lánúin.

Sláinte

€22.5 billiún an leithdháileadh foriomlán Sláinte don bhliain 2024. Seo chun leanúint leis an leibhéal ard infheistíochta atáthar a dhéanamh sa chóras sláinte poiblí.

Áirítear sa bhuiséad ardú €808 milliún sa bhunmhaoiniú reatha chun dul i ngleic le brúnna déimeagrafacha agus seirbhíse. Tá acmhainní beagán os cionn €1 billiún, nach bunacmhainní iad, á gcur ar fáil freisin do fhreagairtí breise COVID-19, lena n-áirítear infheistíocht leanúnach i mbearta sláinte poiblí a éascú amhail vacsaíniú agus tástáil in ospidéil. Áirítear sa chaiteachas chomh maith acmhainn shealadach bhreise chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar an ardú atá ar éileamh agus ar ghníomhaíocht ar fud ospidéil ghéarmhíochaine i ndiaidh na paindéime trí Chiste Athléimneachta Sláinte.

Anuas air sin, tá acmhainní á gcur ar fáil chun feabhas a chur ar bhearta atá ann cheana féin a bhfuil sé mar aidhm leo amanna feithimh do chúram othar cónaitheach a laghdú agus rochtain ar dhiagnóisic phobail a fheabhsú.

Cuirfidh €1.2 billiún i maoiniú caipitil ó na leithdháiltí comhaontaithe PFN bonneagar breise sláinte ar fáil chun inbhuanaitheacht níos leithne an chórais sláinte a fheabhsú.

Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht

Léiríonn leithdháileadh reatha nach mór €3.1 billiún ardú €174 milliún ar leithdháileadh bunchaiteachais reatha na bliana 2023. Cuirfidh an maoiniú breise seo tacaíochtaí ar fáil do thithíocht shóisialta agus inacmhainne, agus do sheirbhísí easpa dídine, ina measc:

- €242 milliún chun réimse leathan seirbhísí easpa dídine a sheachadadh;
- €517 milliún don Chlár Caiteachais Reatha Tithíochta Sóisialta (CCRTS), a thacóidh le seachadadh breis is 6,000 áras breise tithíochta sóisialta in 2024, chomh maith le leanúint de thacú le breis is 34,000 áras atá i bhfearas cheana féin;
- €525 milliún don Ísocaíocht Cúnaimh Tithíochta, a chumasóidh tacú le 8,800 líon tí nua i dtionóntacht sa bhliain 2024 chomh maith le leanúint de thacú le beagnach 58,000 líon tí a bhí i dtionóntachtaí sa bhliain 2023;
- €111 milliún don Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC), a thacóidh le 1,400 líon tí eile sa bhliain 2024, mar aon leis an gcostas leanúnach a bhaineann le tacú le beagnach 16,000 líon tí atá sa scéim cheana féin.

Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

Beidh leithdháileadh iomlán €7.4 billiún ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige don bhliain 2024. Áirítear €5.4 billiún sa leithdháileadh sin do bhunchaiteachas agus €1.9 billiún do neamh-bhunchaiteachas. Is do chúnamh agus seirbhísí daonnúla go príomha é sin do dhaoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin, d'Ísocaíochtaí i ndáil le hInstitiúidí Máithreacha agus Leanaí agus Seirbhísí Míchumais.

Áirítear ar na feabhsúcháin seirbhíse roghnaithe a thiocfaidh chun cinn ó phacáiste an Bhuiséid;

- Laghdú 25% ar chostais cúraim leanaí tríd an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a thabharfar isteach i mí Mheán Fómhair.

- Tá €64 milliún faighte chun infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí míchumais chun iad seo a leanas a sholáthar:
    - Breis is 90 áit chónaithe bhreise
    - Tuilleadh forbartha ar sheirbhísí faoisimh
    - 1,400 áit lae d'fhágálaithe scoile
    - Níos mó uaireanta cúnaimh phearsanta
    - Arduithe ar rátaí do bhaill foirne a chuireann tacaíochtaí baile ar fáil

- €10 milliún i dtreo an liúntais cúraim altrama a ardú (den chéad uair ón mbliain 2009).

Oideachas

Cuirfear beagnach €10.5 billiún ar fáil don Roinn Oideachais sa bhliain 2024 chun infheistíocht a dhéanamh in earnáil na scoileanna. Áirítear ann ardú €421 milliún ar an mbunchaiteachas reatha.

Cuirfidh sin tacaíochtaí ar fáil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, fad a dhéanfar infheistíocht shuntasach san oideachas speisialta. I measc na bpríomhbheart beidh:

- 1,216 Cúntóir Riachtanas Speisialta sa bhreis (CRSanna);
- Leabhair Scoile agus Acmhainní Ranga saor in aisce do Scoláirí na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna sa scéim saoroideachais i bhFómhar na bliana 2024;
- 744 múinteoir oideachais speisialta sa bhreis atá ag obair i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta, agus Múinteoirí Oideachais Speisialta i suíomhanna príomhshrutha chun tacú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu;
- Ardú ar mhaoiniú caipitíochta chun costais reatha bhreise scoileanna a sheasamh;
- Maoiniú breise chun tacú le scoláirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais, go háirithe i réimse na coinneála;
- Infheistíocht leanúnach a dhéanamh chun go mbeidh rochtain ag leanaí ar an Scéim Iompair Scoile;
- Leanúint leis an gClár Samhraidh Breise chun an tionchar i ndáil le caillteanais foghlama mar thoradh ar Covid a mhaolú; agus
- Soláthar níos mó tacaíochtaí bainistíochta agus foirne i Scoileanna Speisialta

Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Tá leithdháileadh bunchaiteachais reatha €3.5 billiún á chur ar fáil don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus ardú breis is €164 milliún ar bhunchaiteachas reatha.

Cuirfear a leanas ar fáil leis an infheistíocht bhreise seo:

- Tá maoiniú breise €194m i gcaiteachas reatha á chur ar fáil don bhliain 2024 chun €60m a chur ar fáil do Mhaoiniú don Todhchaí san earnáil Ardoideachais, breis is €30m a chur ar fáil do thacaíochtaí breise mac léinn do mhic léinn atá ag freastal ar oideachas tríú leibhéal, mar aon le bearta chun rochtain níos fearr ar na hearnálacha breisoideachais agus ardoideachais a chinntiú;
- Leithdháileadh breise €67m chun soláthar a dhéanamh don fhás leanúnach atá ar an gcóras printíseachta ceirde ó 13,000 áit in 2022 go dtí breis is 16,000 áit in 2024.
- Ó Eanáir 2024, leithdháilfear €31m d'fhonn gach ráta deontais chothaithe neamh-chóngarach a ardú €615 le pro-rata do mhic léinn sa bhliain acadúil reatha.
- Gach ráta cóngarach a ardú 10%.

Dlí agus Ceart

Pacáiste suntasach €172 milliún chun tacú le sábháilteacht pobail ar fud an Stáit agus le hathchóiriú agus forbairt acmhainne leanúnach na hearnála dlí agus cirt níos leithne. Áirítear ar na bearta:

- 1,000 Garda nua faoi oiliúint a earcú in 2024;
- 250 ball foirne sibhialtach breise Garda a earcú chun poist speisialtóra a líonadh agus tuilleadh Gardaí a shaoradh le haghaidh dualgais phóilíneachta líne thosaigh;
- Ardú €25 milliún nó 24 faoin gcéad sa bhuiséad ragoibre bliantúil Gardaí chun tacú le póilíneacht líne thosaigh;
- €19 milliún don tSeirbhís Príosún chun breis foirne a mhaoiniú mar aon le réimse bearta acmhainne chun freagairt do rátaí príosúnachta níos airde;
- €5.8 milliún don tSeirbhís Chúirteanna chun tacú le hardú suntasach ar líon na mbreithiúna an bhliain seo chugainn.

Cosaint

Infheistíocht bhreise €21 milliún i mbunmhaoiniú reatha agus ardú €34 milliún ar theorainn chaipitil chomhaontaithe 2024 a áirítear san GTI, lena n-áirítear:

- Glanlíon 400 Pearsanra Óglaigh na hÉireann breise;
- Infheistíocht ar fud réimse tionscnamh lena n-áirítear tionscnaimh oideachais agus oiliúna;
- €34 milliún breise i gcaiteachas caipitiúil sa bhreis ar theorainn caipitil 2024 d'fhonn cláir trealaimh cosanta a chur chun cinn a thuilleadh amhail forbairt níos mó a dhéanamh ar acmhainn Radair Phríomhúil agus riachtanais Cosanta Fórsaí.

Gnóthaí Eachtracha

Cuirfear leithdháileadh sa bhreis ar €775 milliún euro i maoiniú ar fáil in 2024 do Chúnamh Éireann, sin ardú 8.4 faoin gcéad ar an leibhéal maoinithe a cuireadh ar fáil in 2023. Mar chuid den ghealltanas seo, cuirfidh an Rialtas ar a laghad leath den mhaoiniú breise ar fáil a mbeidh gá leis d'fhonn gealltán airgeadais aeráide 2025 an Rialtais a bhaint amach. Tabharfaidh an maoiniú seo cosaint do dhaoine i gcuid de na tíortha is leochailí ar domhan ar na hiarmhairtí a bhaineann le domhan atá ag téamh, ar iarmhairtí iad atá ag dul i méid.

Trí shíneadh a chur leis an mbuiséad cúnaimh in 2024 cuirfear ar chumas an Rialtais maoiniú a ardú do chúnamh daonnúil san Úcráin, agus aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí domhanda an chogaidh sin, atá ag leanúint de thionchar a imirt ar chuid de na pobail is boichte san Afraic agus in áiteanna eile.

Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

Cuirfear leithdháileadh €40 milliún i mbunardú reatha ar fáil don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Áirítear a leanas sa mhaoiniú sin;

- €368 milliún chun tacaíocht leanúnach a thabhairt don Chomhairle Ealaíon agus chun cur chun cinn Lucht Cruthaitheach na hÉireann a fheabhsú thar lear;
- Maoiniú feabhsaithe ar mhaithe le comhar trasteorann tríd an bhForas Teanga agus maoiniú breise do scéimeanna tacaíochta Gaeilge; agus
- Cláir spóirt agus áineasa dírithe ar rannpháirtíocht na mban sa spórt a mhéadú, trí súil a chaitheamh ar rannpháirtíocht, cóitseáil agus mná a bheith i mbun réiteoireachta.

Infheistíocht Chaipitil i mBonneagar

Is é Tionscadal Éireann 2040 straitéis uileghabhálach fhadtéarmach an Rialtais fós chun tír níos fearr a dhéanamh d'Éirinn do gach duine a chónaíonn inti. Féachtar leis an bplean a chinntiú go ndírítear níos mó forbairt agus infheistíocht ar shráidbhailte faoin tuath, ar bhailte agus ar chathracha na tíre d'fhonn forás atá ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála a chumasú. Cuireann Creat Náisiúnta Pleanála 2021-2030 €165 billiún i maoiniú i gcistiú caipitil phoiblí ar fáil mar aon le fís mhionsonraithe agus dhearfach d'Éirinn go dtí 2030 mar chuid de Thionscadal Éireann 2040.

Ardófar bunchaiteachas caipitiúil faoi €0.9 billiún sa bhreis ar leithdháileadh 2023 mar atá leagtha amach sa Tuarascáil ar Chaiteachas ag Lár na Bliana. Tabharfaidh sé sin buninfheistíocht chaipitil na bliana 2024 chuig €12.6 billiún de réir an Chreata Náisiúnta Pleanála. Cuirfidh sé seo maoiniú ar fáil do phríomhinfheistíocht ar fud earnálacha lena n-áirítear sláinte, tithíocht, oideachas agus iompar fad a dhéantar infheistíocht i spriocanna aeráide an Rialtais freisin.

Táthar ag cur caiteachas caipitiúil breise €250 milliún ar fáil sa bhliain 2024 ó fháltais státchiste amhantair, atá le leithdháileadh ar thionscadail bhonneagair riachtanacha a bhfuil dul chun cinn mór déanta orthu chomh maith leis an gCiste Gníomhaithe ar son na hAeráide reatha. Cuirfear €2 billiún sa bhreis ar fáil le linn 2025 agus 2026 i dtaca leis seo, a chuirfidh borradh suntasach faoi thionscadail chaipitil a sheachadadh sna réimsí seo agus i dtosaíochtaí eile Rialtais. Leis an €250 milliún in 2024 san áireamh, ardaíonn seo an méadú foriomlán in infheistíocht chaipitil sa bhliain 2024 go dtí díreach os cionn 10 faoin gcéad sa bhreis ar mhaoiniú 2023.

Tithíocht

Cuirfear leithdháileadh caipitil de nach mór €3.9 billiún ar fáil don Roinn Tithíochta, sin ardú €354 milliún ar leithdháileadh 2023. Leis an maoiniú seo tacófar le 28,000 líon tí breise ar an iomlán, trí riachtanais tithíochta sóisialta 21,830 líon tí breise a shásamh agus trí thacaíocht a thabhairt do 6,400 líon tí breise áras cónaithe a cheannach nó a fháil ar cíos ar phraghas réasúnta. I measc na mbeart chun tacú leis seo tá:

- Tithíocht shóisialta nua a thógáil, ag tacú le 9,300 áras cónaithe sóisialta nua thógtha a sheachadadh. Cuirfear árais chónaithe shóisialta ar fáil freisin trí leanúint de chlár éadálacha straitéiseach.

- Maoineoidh an maoiniú caipitil a chuirfear ar fáil in 2024 in éineacht le hinfheistíocht ón nGníomhaireacht Forbartha Talún (GFT) agus le hiasachtú ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe (GAT) réimse scéimeanna agus bearta inacmhainneachta d'fhonn 6,400 áras cónaithe a chur ar fáil le ceannach agus le fáil ar cíos ar phraghas réasúnta.

Iompar

Ardóidh infheistíocht chaipitil faoi €5 milliún, go dtí €2.6 billiún in 2024. Tacaíonn an leithdháileadh seo le huaillmhianta infheistíochta an Rialtais in iompar glan agus glas, i seirbhísí iompair phoiblí ar ardchaighdeán, i nascacht réigiúnach bóthair agus iarnróid a fheabhsú agus i sábháilteacht agus slándáil mhuirí agus eitlíochta d'ardchaighdeán. Cuirfidh sé acmhainní ar fáil chun infheistíocht a dhíriú ar Thaisteal Gníomhach, ar Ghlasbhealaigh agus ar an ngréasán bóithre, chomh maith le leanúint d'ollthógraí leanúnach na Roinne Iompair a sheachadadh; MetroLink, DART+ agus BusConnects.

Oideachas

Ardóidh infheistíocht chaipitil faoi €80 milliún, go dtí €940 milliún in 2024. Éascóidh sé seo an feidhmiú céimneach leanúnach ar thionscadail thógála scoile a bhfuil géarghá leo lena n-áirítear tuairim is 300 tionscadal tógála atá i mbun tógála i láthair na huaire a thabhairt chun cinn. Mar chuid den fheidhmiú céimneach leanúnach ar an bPlean Forbartha Náisiúnta cuirfear tús le tuairim is 200 tionscadal tógála scoile breise atá go mór chun cinn sa chéim deartha nó sa chéim tairisceana i láthair na huaire a thógáil i rith 2024 agus 2025. Beidh béim mhór ar acmhainn bhreise a sheachadadh do ranganna speisialta (go mór mór ag leibhéal iar-bhunscoile) agus do scoileanna speisialta mar chuid den chlár tógála scoile.

Comhshaol, an Aeráid agus Cumarsáid

Táthar ag súil go dtabharfar an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda chomh fada le 200,000 áitreabh faoi dheireadh na bliana 2023. Déanfar €348 milliún breise a infheistiú d'fhonn an deis a thabhairt do 100,000 áras cónaithe eile ceangal le leathanbhanda snáithín in 2024.

Beidh an maoiniú ab airde riamh de €380 milliún á infheistiú i scéimeanna cónaithe agus fuinnimh pobail le Buiséad 2024. Ruaigfidh gach euro atá le hinfheistiú in éifeachtúlacht fuinnimh breosla iontaise iompórtáilte trí fhostaíocht inbhuanaithe baile a chruthú a dhéanfaidh muid a chosaint ó cuir isteach a dhéantar ar shuaitheadh de bharr praghsanna ar bhreosla iontaise. Laghdóidh sé seo astaíochtaí gás ceaptha teasa agus laghdóidh sé billí fuinnimh a fhágfaidh teaghlaigh ar fud na hÉireann níos te teolaí, níos sláintiúil agus níos saibhre.

Costas Maireachtála

I ndiaidh tréimhse de shuaiteacht gheilleagrach de dheasca mórshuaiteacht sheachtrach, tá cobhsú de réir a chéile tarlaithe sa gheilleagar sa dhá mhí dhéag seo caite, a tháinig díreach roimh Bhuiséad 2024. De réir mar a tháinig maolú ar iarmhairtí díreacha na paindéime ar an ngeilleagar agus ar phraghsanna fuinnimh tá gníomhaíocht gheilleagrach tagtha chuici féin arís go láidir.

I ndiaidh do bhoilsciú buaicleibhéal a bhaint amach i nDeireadh Fómhair 2022, ciallaíonn an treocht anuas i mboilsciú bliantúil go bhfuil an ráta brú breise a mbíonn ar líonta tí agus ar ghnólachtaí aghaidh a thabhairt orthu ag moilliú de bharr praghsanna atá ag ardú. Ag an am céanna cuir feidhmíocht an mhargaidh fostaíochta agus an gheilleagair baile ar chumas meánioncaim ardú. D'fhritháirigh na forbairtí seo, in éineacht le tacaíochtaí sealadacha agus buana suntasacha an Rialtais a thugann tús áite do na daoine is leochailí tionchar an bhoilscithe ar ioncam ceart líon tí go mór.

D’fhonn leanúint de thacú le líonta tí agus gnólachtaí, tá tacaíochtaí cánach agus costais mhaireachtála ar fiú breis is €12 billiún iad curtha ar fáil ag an Rialtas ó bhí Buiséad 2022 ann. Áiríodh air sin líon creidmheasanna fuinnimh do gach líon tí sa Stát mar aon le tacaíochtaí spriocdhírithe ioncaim agus tacaíochtaí spriocdhírithe atá bainteach le fuinneamh.

D’fhonn aitheantas a thabhairt do na dúshláin leanúnacha a bhfuil ar go leor daoine aghaidh a thabhairt orthu cuirfear pacáiste costais mhaireachtála eile ar fáil i mbliana. Cuirfear €2.3 billiún ar fáil trí thacaíochtaí caiteachais aonuaire do líonta tí agus do ghnólachtaí agus cuirfear €0.4 billiún eile ar fáil trí thacaíochtaí cánachais.